



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2023
(OR. en)

10457/23

LIMITE

ENV 665
CLIMA 289
POLGEN 55
AG 50

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Tionchar mhargadh carbóin an Aontais ar bheartais éagsúla de chuid an Aontais
	– Faisnéis ón bPolainn

I bhfianaise chruinniú na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 27 Meitheamh 2023, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta ó thoscaireacht na Polainne.

Nóta míniúcháin ón bPolainn maidir leis an bplé i ndáil le tionchar mhargadh carbóin an Aontais ar bheartais éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear fuinneamh, iomaíochas gheilleagar an Aontais agus an caighdeán sóisialta maireachtála san Aontas

An gá atá le díospóireacht chothrománach maidir le tionchar mhargadh carbóin an Aontais ar bheartais éagsúla de chuid an Aontais

Tá tús á chur ag an Aontas le tréimhse uailmhéine méadaithe ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus dúshlán nua romhainn. Le blianta beaga anuas, tá reachtaíocht aeráide forbartha ag an Aontas a mbíonn tionchar aici ar go leor beartas éagsúil de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, bíonn tionchar aige ní hamháin ar an gcomhshaol ach ar fhuinneamh, ar thionsclaíocht, ar chostais an aistrithe, ar fhostaíocht agus ar shaincheistanna sóisialta eile freisin. Ag an am céanna, tá tionchar suntasach á imirt cheana féin ag praghsanna carbóin ar phraghsanna fuinnimh. Tá dhá ghné i gceist lena n-eascraíonn as sin. Ar thaobh amháin, tá méadú ag teacht ar chostais na táirgeachta tionsclaíche san Aontas, rud a dhéanann dochar d'iomaíochas domhanda chuideachtaí agus gheilleagair na hEorpa. Ar an taobh eile, tá go leor saoránaigh Eorpacha ag dul i ngleic le baol méadaitheach na bochtaineachta fuinnimh. Dá bhrí sin, ní mór dúinn plé a dhéanamh ar an tionchar atá ag CTA an Aontais ar phraghsanna fuinnimh agus ar na príomhdhúshlán shocheacnamaíocha uile a bhaineann leis, go príomha iomaíochas gheilleagar an Aontais agus saincheist na bochtaineachta fuinnimh atá ina bhagairt ar chuid mhór dár saoránaigh.

Cén fáth a dteastaíonn an díospóireacht seo uainn?

Is léir gur cheart a thuiscint gur comhcheangal tosca is cúis le praghsanna fuinnimh atá i bhfad níos airde agus le luaineacht na bpraghsanna sin. Cé go bhfuil cuid de na tosca sin dearfach agus go rabhthas ag súil leo (mar shampla, éileamh méadaithe a bhaineann leis an téarnamh eacnamaíoch tar éis na paindéime), tá cinn eile nach bhfuil smacht againn orthu agus nach féidir a thuar (dálaí aimsire urghnácha, praghsanna gáis nádúrtha atá níos airde ná riamh agus an staid gheopholaitiúil). Dá bhrí sin, díreoimid ar na tosca sin is féidir a rialú cionn is go bhfuil baint acu le beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais, mar atá, CTA an Aontais.

Tá géarghá leis sin anois go háirithe cionn is go bhfuil athrú suntasach tagtha ar na cúinsí ó cuireadh an pacáiste ‘Oiriúnach do 55’ i láthair. Mar thoradh ar thosca éagsúla, is mó ná riamh na praghsanna ar lamháltais an Aontais, rud a chuireann brú breise ar mhéadú agus ar luaineacht praghsanna fuinnimh. Dá bhrí sin, tá na Measúnuithe Tionchair a ghabhann leis an bPlean um Sprioc Aeráide 2030 agus an togra le haghaidh athbhreithniú ar Threoir an Aontais maidir le Trádáil Astaíochtaí dínasctha ón gcás mar atá i láthair na huaire, agus níl siad oiriúnach dá bhfeidhm a thuilleadh. Tá leibhéal reatha na bpraghsanna lamháltas astaíochtaí tar éis gach ceann de na cásanna do 2025 agus 2030 a cuireadh i láthair sna doiciméid sin a shárú. Mar sin féin, sa lá atá inniu ann, tá méadú ag teacht ar na dúshláin atá roimh ár saoránaigh agus ár dtionscail agus na dúshláin sin ann mar gheall ar phraghsanna arda fuinnimh agus lamháltas an Aontais. Tá athrú tagtha ar na cúinsí agus tá sé in am iad a chur san áireamh san Aontas, ní i ndíospóireachtaí earnála éagsúla, ach ar bhealach fíorchothrománach. Cé go bhféadfadh difríocht a bheith ann idir tionchar phraghsanna lamháltais an Aontais ar phraghsanna fuinnimh ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, ní féidir failli a dhéanamh ina leith. Tá na Ballstáit arb iad is príomhthréith dóibh ard-déine astaíochtaí a nginiúna leictreachais agus teasa, as a dtagann sciar i bhfad níos airde de chostais cheannaigh lamháltais an Aontais ó thaobh an phraghais fuinnimh (i gcás na Polainne, 50 % an meánsciar praghsanna mórdhíola leictreachais a bhí ann in 2022, i gcomparáid le 20 % san Aontas i gcoitinne).

Thit sciar an Aontais de OTI an domhain ó 25 % in 1990 go 17 % in 2020. Ciallaíonn sé sin gur lasmuigh den Aontas den chuid is mó, san Áise agus sa tSín go háirithe, a tharla an fás eacnamaíoch domhanda le tríocha bliain anuas. Cé gur féidir cuid den laghdú sin a chur síos do phointí tosaithe éagsúla, is fiú a thabhairt dár n-aire go raibh fás an Aontais – go háirithe fás sa limistéar euro – níos moille freisin i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe. Tá laghdú tagtha ar sciar coibhneasta an Aontais den trádáil dhomhanda chomh maith. Léirítear bearna shuntasach nuair a chuirtear gnólachtaí – arb iad cnámh droma an iomaíochais iad – san Eoraip i gcomparáid lena gcomhghleacaithe sna Stáit Aontaithe. Idir 2014 agus 2019, d’fhás gnólachtaí Eorpacha 40 % níos moille, ar an meán, ná na gnólachtaí comhionanna sna Stáit Aontaithe.

In 2022 i gcomparáid le 2021, tháinig laghdú ar tháirgeadh tionsclaíoch i dtionscail dianfhuinnimh lena n-áirítear bunmhiotail, ceimiceáin, mianraí neamh-mhiotalacha agus páipéar, agus tháinig méadú ar an aschur in earnálacha monaraíochta eile. Mar shampla, bliain i ndiaidh bliana, tháinig laghdú ar mó ná 6 % é ar mhonarú táirgí ceimiceacha agus tháinig laghdú 4 % ar tháirgeadh na mbunmhiotal in 2022. Ina dhiaidh sin tá samplaí d’fhiontair a bhfuil a ngníomhaíocht ghnó á hath-leithdháileadh acu lasmuigh den Aontas. Mar shampla, d’fhógair an chuideachta ceimiceán is mó ar domhan de réir ioncaim go n-aistreoidh sé an táirgeadh amach as an Eoraip mar gheall ar chostais arda fuinnimh. Caillfear thart ar 2,600 post dá bharr sin.

Cé gur léiríodh le déanaí go bhfuil na praghsanna fuinnimh ag éirí níos cobhsaí, ba iad beartais agus idirghabhálacha a rinne rialtais na mBallstát ba chúis leis sin go pointe áirithe. Mar sin féin, ní mór a chur i bhfios go láidir go bhfuil na bearta uile a chuirtear i bhfeidhm ina n-ualach ar chuntais rialtais, rud a laghdaíonn an cumas tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do réimsí eile (an t-aistriú fuinnimh, mar shampla). Thairis sin, nuair a chuirtear san áireamh gur cuireadh srian leis na méaduithe ar bhillí fuinnimh in 2022, a bhuí le hidirghabhálacha rialtais agus conarthaí ar phraghsanna seasta, ní mór dúinn ullmhú d'ardú eile roimh gheimhreadh 2023 agus méadú le teacht ar an iomaíocht i gcás soláthairtí fuinnimh idir an Eoraip agus an tSín.

Cé go méadaíonn praghsanna iomarcacha fuinnimh costas maireachtála mhuintir na hEorpa go léir, ní roinntear an t-ualach go cothrom ar an bpobal. Bíonn na hiarmhairtí díobhálacha le brath go háirithe ag teaghlaigh ar bheagán ioncaim in áiteanna cónaithe atá inslithe go dona, nach bhfuil teaschaidéil ina siléir ná grianphainéil ar a ndíonta acu. De réir fhigiúirí Eurostat, ní raibh thart ar 35 mhilliún saoránach den Aontas (thart ar 8 % de dhaonra an Aontais) in ann a dtithe a choinneáil teolaí go leor in 2020. I ngeall ar an méadú mór ar phraghsanna fuinnimh a thosaigh in 2021 agus a chuaigh in olcas nuair a rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, mar aon le tionchar ghéarchéim COVID-19, is dócha gur measa an staid ina bhfuil cuid mhór de shaoránaigh an Aontais anois ná an staid dheacair ina raibh siad cheana féin. Ina theannta sin, léiríonn sonraí ó Fhaireachlann an Aontais um an mbochtaineacht fuinnimh gur 125 mhilliún duine an líon saoránach san Aontas Eorpach a mheastar a bheith bocht ó thaobh fuinnimh de; agus go bhfuil na praghsanna arda fuinnimh ar cheann de na trí phríomhthoisic is cúis leis an bhfeiniméan sin. Dá gcuirfí na hearnálacha foirgneamh agus iompair de bhóthar san áireamh in CTA an Aontais, d'fhéadfadh sé sin an staid a dhéanamh níos measa fós.

Cén fáth gurb í an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an fóram ceart don díospóireacht seo?

Tá ról uathúil ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta maidir le beartais agus sainchomhaid chothrománacha an Aontais a chomhordú. I gcomhréir le hAirteagal 16(6) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, áiríteoidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta comhsheasmhacht in obair fhoirmíochtaí éagsúla na Comhairle. Mar a chuirtear in iúl é in Airteagal 2(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle: ‘Beidh sí freagrach as comhordú foriomlán na mbeartas, na gceisteanna institiúideacha agus riaracháin, as sainchomhaid chothrománacha a mbíonn tionchar acu ar roinnt beartas de chuid an Aontais Eorpaigh, mar shampla, an creat ilbhliantúil airgeadais agus an méadú, agus as aon sainchomhad a chuireann an Chomhairle Eorpach mar chúram uirthi, ag féachaint do rialacha oibríochtúla an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta’. Is í an Chomhairle Comhshaoil an fhoirmíocht de chuid na Comhairle atá freagrach as déileáil le CTA an Aontais. Mar sin féin, tá tionchar ilghnéitheach ag an scéim sin. Tá dlúthbhaint aige le saincheisteanna a thagann faoi inniúlachtaí fhoirmíochtaí eile de chuid na Comhairle. Ar an gcéad dul síos, an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh a bhíonn ag plé le praghsanna arda fuinnimh agus lena luaineacht. Ar an dara dul síos, an Chomhairle Iomaíochais atá freagrach as iomaíochas thionsclaíocht na hEorpa. Ar an tríú dul síos, an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais a bhíonn ag plé le costais an aistrithe aeráide. Ar deireadh, an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí atá freagrach as bochtaineacht fuinnimh a chomhrac.

Tá córas CTA an Aontais ar cheann de phríomhionstraimí bheartas aeráide an Aontais. Mar sin féin, cruthaíonn tionchar díreach an chórais sin ar phraghsanna fuinnimh go leor rioscaí do tháirgeadh tionsclaíoch san Aontas agus baol méadaitheach bochtaineachta fuinnimh (a mhéadóidh má áirítear foirgnimh agus iompar de bhóthar in CTA nua). I bhfianaise chineál trasearnálach na faidhbe sin, ba cheart í a phlé go práinneach ar bhealach lena gcumasófar freagairt chomhordaithe ar na dúshláin a sainaithníodh. Dá bhrí sin, molaimid go gcuirfí de chúram ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta idirphlé cuimsitheach a reáchtáil maidir leis an ábhar sin. Ní mór dúinn beartais an Aontais a ndéanann an scéim seo difear dóibh a chomhordú i gceart agus níos mó cinnteachta a thabhairt dár saoránaigh agus dár n-earnálacha tionsclaíocha.